



Cairt na mBan

Tá sé mar aidhm ag CervicalCheck an líon cásanna ailse ceirbheacs a laghdú

Gealltanais scagthástála

- Tairgeann CervicalCheck scagthástáil ceirbheacs saor in aisce do gach bean idir 25 bliain d'aois agus 65 bliain d'aois
- Is féidir leat coinne a shocrú le do rogha dochtúra nó altra cláraithe
- Is féidir leat an rogha dochtúra nó altra a rinne tú a athrú le haghaidh coinní scagthástála as seo amach
- Más rud é go bhfuil riachtanais speisialta agat agus go dteastaíonn cúnamh uait chun rochtain ar an gclár a fháil, tabhairfaidh CervicalCheck tacaíocht duit
- Seolfar an sampla ó do scagthástáil chuig saotharlann creidiúnaithe atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de
- Seolfaidh CervicalCheck litir chugat nuair a bheidh toradh do scagthástáil ar fail. De ghnáth, bíonn an toradh sin ar fáil laistigh de cheithre seachtaine ó dháta do scagthástála
- Más toradh normálta atá ann, tabharfar cuireadh duit freastal ar scagthástáil nuair a mbeidh do chéad thástáil eile dlite
- Má mholtar go dteastaíonn breis tástálacha uait, tairgfear na tástálacha sin saor in aisce duit
- Má mholtar go ndéanfaí tuileadh tástálacha ort, tairgfear coinne saor in aisce duit i gclinic colpascópachta de chuid an chláir, laistigh de dhá mhí
- Léireoidh gach ball foirne de chuid CervicalCheck meas ar do phríobháideacht, ar do dhínit, ar do reiligiún, ar do chine agus ar do chreidimh chultúrtha
- Caithfear le do thaifid scagthástála faoi rún agus de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí.

Bealaí inar féidir leat cabhrú linn

- Seiceáil go bhfuil tú cláraithe le CervicalCheck
- Leigh an fhaisnéis faoi scagthástáil ceirbheacs, na tairbhí agus na laigí a bhaineann léi. Tá an fhaisnéis sin tábhachtach toisc go n-iarrfar ort do thoilíú feasach a thabhairt chun páirt a ghlacadh i gclár CervicalCheck
- Déan coinne le dochtúir nó le haltra cláraithe nuair a bhíonn do scagthástáil dlite
- Cuir in iúl dúinn má tá aon chúnamh sonrath uait nó aon riachtanais speisialta agat, chun cabhrú linn do choinne scagthástála a éascú
- Cabhróidh sé linn do thaifead a aithint má thugann tú d'uimhir PSP dúinn ag do choinne
- Má tá aon athrú ar do shloinne nó ar do sheoladh nó má tú ag bogadh go tír eile, cuir sin in iúl dúinn, le do thoil.

Is féidir leat do thuairimí a chur in iúl dúinn i ngach cás

- Tá do thuairimí tábhachtach dúinn chun cabhrú linn monatoireacht a dhéanamh ar éifeacht ár seirbhísí agus chun feabhas a chur ar na seirbhísí sin.

Saorghlao: 1800 45 45 55

Ríomhphost: info@cervicalcheck.ie

Suíomh Gréasáin: hse.ie/cervicalcheck

